| Oifigeach Cléireachais | **Ag Ullmhú Don Todhchaí**<br>***Chun beartas agus seirbhísí poiblí den chéad scoth a sholáthar, ní mór dúinn glacadh le hathruithe agus le nuálaíocht. Déanaimid ár ndícheall straitéis ionchuimsitheach atá dírithe ar an gcustaiméir a chruthú, ina bhfuil fís a chuireann athruithe comhshaoil, sóisialta agus teicneolaíochta san áireamh. Trí chur chuige solúbtha ina bhfuil cúrsaí digiteacha chun tosaigh a chur i bhfeidhm, cuirfimid uasoiliúint ar fáil agus athróimid agus cuirfimid feabhas ar an gcaoi a ndéanaimid rudaí ar bhonn leanúnach chun dul i ngleic le riachtanais reatha agus riachtanais a bheidh ann amach anseo.*** | |
|---|---|---|
| | **Béim ar Chúrsaí Digiteacha**<br>- Baineann an duine úsáid as scileanna teicneolaíochta agus digiteacha chun éifeachtacht a chur chun cinn agus chun tacú le soláthar seirbhíse níos fearr<br><br>**Oscailte ó thaobh Athruithe de**<br>- Léiríonn an duine suim i agus bíonn siad sásta glacadh le hathruithe, nuálaíocht agus teicneolaíochtaí nó próisis nua<br>- Bíonn an duine sásta triail a bhaint as modhanna nua agus lorgaíonn siad tacaíocht nuair atá sí ag teastáil uathu agus roinneann siad eolas ar bhealach oscailte agus foghlaimíonn siad ó bhotúin<br><br>**Réitigh Nuálacha agus Chruthaitheacha**<br>- Cuireann an duine smaointe nuálacha, réitigh chruthaitheacha nó moltaí cabhracha in iúl, is cuma cé chomh beag is atá siad<br><br>**Saineolas a Fhorbairt agus Uasoiliúint don Todhchaí**<br>- Bíonn an duine díograiseach i dtaca le deiseanna forbartha, léiríonn siad dearcadh dearfach, bíonn siad sásta glacadh le haiseolas agus bíonn siad sásta rudaí nua a fhoghlaim<br>- Tá an duine díograiseach maidir lena gcuid eolais agus scileanna a fheabhsú don todhchaí<br>- Forbraíonn an duine saineolas ina réimse, trí éisteacht le daoine eile agus trí fhoghlaim ó dhaoine eile | |
| **Príomhscileanna Samplacha** | • Scileanna TF (m.sh. Microsoft Office)<br>• Litearthacht Dhigiteach<br>• Sainscileanna ina réimse saineolais féin | • Foghlaim Leanúnach<br>• Nuálaíocht |

poistphoiblí publicjobs

<table>
<tr><td>Oifigeach Cléireachais</td><td colspan="2">Soláthar atá Bunaithe ar Fhianaise<br>Chun beartas agus seirbhísí poiblí den chéad scoth a sholáthar, ní mór dúinn cinntí eolacha atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh, spriocanna a chur in ord tosaíochta agus bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar acmhainní, trí úsáid a bhaint as eolas cuí chun torthaí a mheas chun na torthaí is fearr a chinntiú do na daoine ar a bhfreastalaímid.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Barr Feabhais a Sholáthar</td><td>Plé le hEolas, Fadhbanna agus Cinntí</td></tr>
<tr><td colspan="2">Bainistíocht Éifeachtach a dhéanamh ar Obair<br>- Déanann an duine tascanna oibre a bhainistiú, a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta chun a chinntiú go mbaintear spriocanna amach agus go gcloítear le sprioc-amanna<br>- Oibríonn an duine ar bhealach córasach, eagraithe agus éifeachtach<br>- Baineann an duine úsáid éifeachtach as a gcuid ama, lorgaíonn siad obair bhreise agus bíonn siad sásta tacú le daoine eile le linn tréimhsí ciúine<br><br>Torthaí agus Seirbhís ar Ardchaighdeán a Sholáthar<br>- Díríonn an duine ar chaighdeáin, ar chruinneas agus ar mhionsonraí, fiú nuair atá gnáth-thascanna á ndéanamh acu<br>- Cuireann an duine seirbhís ghairmiúil ardchaighdeáin ar fáil do chustaiméirí<br>- Lorgaíonn an duine tacaíocht ar bhealach gníomhach agus seiceálann/féachann siad siar ar a gcuid oibre chun ardchaighdeáin a chinntiú<br><br>Dearcadh, Freagracht agus Solúbthacht<br>- Glacann an duine freagracht as obair, déanann siad a ndícheall a bheith neamhspleách ina réimse freagrachta<br>- Faigheann an duine tuiscint ar thascanna/róil nua ar bhealach cuí agus cuireann siad ceisteanna chun a chinntiú go dtuigeann siad i gceart iad<br>- Bíonn an duine solúbtha agus acmhainneach agus iad ag dul i ngleic le dúshláin nó le héilimh a bhíonn ag athrú, léiríonn siad dearcadh dearfach i gcónaí agus lorgaíonn siad tacaíocht más gá</td><td>Eolas a Bhailiú agus a Phróiseáil<br>- An cumas eolas ó fhoinsí éagsúla a bhailiú, a thuiscint agus plé leis<br>- Pléann an duine le gach eolas ar bhealach cúramach, go háirithe agus iad ag plé le ceisteanna íogaire nó rúnda<br>- Déanann an duine eolas agus sonraí a dheimhniú agus a phróiseáil agus baineann siad ciall as/astu, ar bhealach cruinn agus pras<br><br>Fadhbanna a Réiteach<br>- Aithníonn agus réitíonn an duine fadhbanna ar bhealach éifeachtach, le tacaíocht<br>- Tuigeann an duine cathain ba chóir dóibh ceisteanna chur ar aghaidh, roinneann siad eolas cuí agus oibríonn siad le daoine eile chun teacht ar réiteach<br><br>Breithiúnas a Thabhairt agus Cinntí Eolacha a Dhéanamh<br>- Tugann an duine breithiúnais stuama agus déanann siad cinntí maithe, agus cuireann siad an t-eolas uilig atá ar fáil san áireamh agus cloíonn siad leis na nósanna imeachta/prótacail chuí<br>- Déanann an duine cinntí oiriúnacha agus prasa faoi cheisteanna ina réimse cúraim féin, lorgaíonn siad tacaíocht agus iarrann siad ar dhaoine níos sinsearaí cinntí a dhéanamh más gá</td></tr>
<tr><td>Príomhscileanna Samplacha</td><td>• Seirbhís do Chustaiméirí<br>• Bainistíocht Ama<br>• Bainistíocht tionscadal<br>• Pleanáil agus eagrú</td><td>• Ag Obair le Sonraí<br>• Próiseáil Faisnéise<br>• Fadhbanna a Réiteach<br>• Scileanna i dtaca Cinntí a Dhéanamh</td></tr>
</table>

| Oifigeach Cléireachais | **Cumarsáid agus Comhoibriú**<br>*Chun beartas agus seirbhísí poiblí den chéad scoth a sholáthar, ní mór dúinn oibriú le chéile, caidrimh a chothú agus comhoibriú le chéile chun cur chuige cuimsitheach Rialtais a éascú. Má dhéanaimid teagmháil agus cumarsáid éifeachtach lenár gcustaiméirí, gcliaint agus gcomhghleacaithe, forbrófar an mhuinín atá acu as ár seirbhísí.* |
|---|---|
| **Iompar** | **Comhoibriú, Obair Foirne, agus Caidrimh a Chothú**<br>- Baineann an duine úsáid as scileanna idirphearsanta chun dea-chaidrimh oibre a chothú, fiú i dtimpeallacht ina bhfuil obair chumaisc/hibrideach ar siúl<br>- Scileanna éifeachtacha comhoibrithe agus i dtaca le hobair foirne, glacann an duine páirt i bhfoirne agus oibríonn siad go héifeachtach le baill foirne eile<br><br>**Cumarsáid Éifeachtach**<br>- Déanann an duine cumarsáid ar bhealach soiléir, cabhrach agus cuí, ó bhéal, go digiteach agus i scríbhinn<br>- Bíonn an duine sásta cumarsáid oscailte a dhéanamh, roinneann siad a dtuairimí, a smaointe agus a gceisteanna<br>- Tugann an duine an t-eolas is déanaí do dhaoine eile, agus roinneann siad na sonraí cuí uilig<br>- Tugann an duine faoi chomhráite deacra ar bhealach cúramach agus gairmiúil, agus lorgaíonn siad tacaíocht más gá<br><br>**Teagmháil a Dhéanamh, Daoine a Spreagadh chun a bheith Páirteach agus Éisteacht le Daoine Eile**<br>- Éisteann an duine go cúramach le daoine eile agus cuireann siad a dtuairimí, a dtreoir agus a n-aiseolas san áireamh<br>- Tuigeann an duine an éagsúlacht agus déanann siad iarracht éisteacht le daoine éagsúla, daoine éagsúla a spreagadh chun a bheith páirteach i gcomhráite agus teagmháil a dhéanamh le daoine éagsúla |
| **Príomhscileanna Samplacha** | • Scileanna Scríofa<br>• Rphoist<br>• Éisteacht ghníomhach<br>• Páirt a ghlacadh i gCruinnithe<br>• Obair Foirne<br>• Scileanna Idirphearsanta |